Eagarthóir i mbaol príosúin

Le Ciarán Ó Pronntaigh
in Bratislava

Is gairid go bhfaighidh eag-arthóir *Egunkaria.* nuachtán laethúil, Bascaise, amach an mbeidh air suas le dhá bhliain a chaitheamh faoi choimeád.

Baineann an cás le hagallamh a chuir sé féin agus eagarthóir *Gara*, Meube Aitpurra, ar cbeannasaíocht Euskadi Te Askatasuna (ETA). Mar a mhínigh Martxello:

"Nuair a chuir muid an t-agallamh ar ETA, bht tús curtha acu le feachtas chun comhairleoirf de chuid an pháirtí a thacaigh leis an cheangal Spáinneach i dTír na mBascach, an UPN, a mharú.

"Bhí imnf ar dhaoine faoi seo agus bhí muid ag iarraidh a fháil amach cad chuige a raibh na comhairleoirí seo mar thargaidf acu nó bhí siad i bhfad ó lár na cumhachta."

Ag an am sin, ba é sin an ceathrú hagallamh a chuir sé ar ETA.

Roinnt seachtainí i ndiaidh an agallaimh, a rinneadh ag deireadh mhí na Bealtaine anuraidh, mharaigh ETA comhairleoir eile de chuid an pháirtí agus ghlaoigh an Breitheamh Garton air chun a fháil amach cérbh iad na baill a bhí i láthair ag an agallamh.

Is breitheamh é Garton a oibríonn leis an chúirt éigeandála, *Audiencia Nacional*, cúirt a dhéileálann le cúrsaf sceimhlitheoireachta, cosaint an stáit agus mórmhangairí drugaí.

Ag an am sin, glaodh air mar fhinné ach d'iarr an tlonchúisitheoir go mbeadh sé ann faoi *imputation*, rud a thugann le fíos go síltear go bhfuil níos mó bainte ag an duine leis an ghníomh ná mar a bheadh ag finné. B'amhlaidh cás Meube Aitpurra.

Cé gur dhiúltaigh an Breitheamh an t-iarratas seo, chuaigh an tlonchúisitheoir ar aghaidh a lorg achomhairc.

1 stát na Spáinne, tá cead bunreachtúil ag iriseoirí a gcuid foinsí a chosaint.

D'aontaigh an chúirt achomhairc gur féidir Martxelo a cheistiú faoi *imputation.* Sa chás sin, níor ghá dó a rá cé acu an thabharfadh sé fianaise nó nach dtabharfadh.

SEASAMH: Martxelo Otamendi

An rud a thug sé le fios go labhródh sé mar fhinné agus chan mar dhuine a bhí faoi amhras agus nach raibh sé ag dul a thabhairt ainmneacha, cibé scéal.

"Nuair a rinne mé an t-agallamh, rinne mé é le heolas a thabhairt dár gcuid léitheoirf. Is tábhachtach go gcluintear gach dearcadh."

Le linn an phróiseas achomhairc, d'iarr an tlonchúisitheoir go n-athchuirfí Martxelo faoi choimeád nó go raibh baol ann, dar leis, go n-éalódh sé.

Cé gur caitheadh an t-iarratas seo amach, chuaigh an tlonchúisitheoir go dtf an chúirt is airde, cúirt a bhfuil trf bhreltheamh uirthi.

Chuir sé trf rud ina leith, mar atá, go raibh sé ag comhoibriú le ETA, gur cosantóir de chuid na heagraíochta sin é